Conas Gearán a Dhéanamh

Ní mór gach gearán

- a dhéanamh i bhfoirm scríofa. Is chuige sin a cuireadh an 'Foirm Ghearáin' seo ar fáil
- a dhéanamh laistigh de thríocha (30) lá ó chraoladh an chláir
- ní mór go mbainfeadh an gearán le clár a bhí á chraoladh ag craoltóir le ceadúnas Éireannach
- ní mór go mbeadh an gearán laistigh de na cóid agus den reachtaíocht ábhartha
- ní mór achoimre a thabhairt ar ábhar an ghearáin.

Foilsíonn an Coimisiún sonraí na ngearán a bhíonn á meas acu, ainm an ghearánaí san áireamh, ach amháin nuair a fheictear dóibh nár chuí é sin.

An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin
2 – 5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2.

Teil: 01 676 1097

Facs: 01 676 0948

R.Phost: complaints@bcc.ie

Gréasán: www.bcc.ie

Broadcasting Complaints Commission
Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin

Foirm Ghearáin an Choimisiúin

Gearán a Dhéanamh

Sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo, bí cinnte go bhfuil an leabhrán eolais dar teideal 'Gearáin Chraolacháin – Treoir don Lucht Éisteachta agus Féachana' léite agat. NÍ MÓR duit an fhoirm IOMLÁN seo a chomhlánú de réir chleachtais an Choimisiúin. Má theastaíonn aon eolas nó cabhair bhreise uait, téigh i dteagmháil le duine d'fhoireann an Choimisiúin ar an uimhir a thugtar san fhoirm seo.

Dáta _____ An tUas ☐ Bean ☐ Iníon ☐

Sloinne _____

Céad Ainm _____

Seoladh _____

_____

_____

Uimhir Theileafóin sa Lá _____

Ríomhphost _____

Uimhir facs (má tá a leithéid agat) _____

Ní mór an gearán a dhéanamh laistigh de 30 lá ó craoladh an mhír. Tabhair faoi deara, más rud é go bhfuil tú ag gearán faoi dhá mhír (nó líon níos mó ná sin) atá bainteach le chéile, ní mór an gearán a sheoladh laistigh de 30 lá ón uair a craoladh an mhír is déanaí díobh.

Ainm an Stáisiúin _____

Teideal an chláir/an fhógráin _____

Dáta Craolta lá/mí/bl ____ / ____ / ____

Am Craolta (má bhaineann le hábhar) _____

Cé acu de na caighdeáin seo a leanas a sáraíodh, dar leat?

- neamhchlaontacht ☐
- toighis agus cuibheas ☐
- dlí agus ord ☐
- príobháideachas an duine aonair ☐
- cóid maidir le fógraíocht, siopadóireacht teilifíse, urraíocht, tionscnamh tráchtála ☐
- clúmhilleadh ☐
- ábhair ar fhoilseacháin de chuid RTÉ ☐

Ní mór ceann amháin ar a laghad de na boscaí thuas a mharcáil chun gur féidir do ghearán a mheas.

Comhlánaigh an roinn seo, le do thoil, chun achoimre a thabhairt ar phríomhphointí do ghearáin (nó d'fhéadfá cuntas ar ábhar do ghearáin a cheangal den fhoirm seo).

An bhfuil gearán déanta agat cheana le:

Coimisiún Craolacháin na hÉireann?	Tá ☐	Níl ☐
Údarás Caighdeán Fógraíochta na hÉireann?	Tá ☐	Níl ☐
Craoltóir an chláir/an chuideachta fhógraíochta?	Tá ☐	Níl ☐

Má tá, tabhair sonraí sa spás thíos, le do thoil:

Ba chóir cibé comhfhreagras a seoladh idir an gearánaí agus an craoltóir i leith an ghearáin a cheangal den fhoirm seo.

An bhfuil an gearán ina ábhar d'imeachtaí i gcúirt dlí i bPoblacht Éireann faoi láthair? Tá ☐ Níl ☐

Léigh an fhoirm iomlán anois, chun a chinntiú go bhfuil na sonraí go léir beacht cruinn.

An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin

Aon duine den lucht féachana nó éisteachta atá míshásta le hábhar a chraoltar ar sheirbhís chraoltóireachta le ceadúnas Éireannach, bíodh sé ina chlár nó ina fhógrán, is féidir leis/léi gearán a dhéanamh ina thaobh agus is é an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin a dhéanfaidh an gearán sin a phróiseáil.

Chuir an rialtas de chúram ar an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin déileáil le gach gearán faoi chúrsaí craolacháin. Is ionann seo agus a rá go measann an Coimisiún na gearáin seo agus go ndéanann sé cinneadh ina dtaobh.